

# An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

## Tuarascáil Bhliantúil 2025

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority

# Clár na nÁbhar


## 01 Nóta fáilte na foirne bainistíochta agus príomhfhorbairtí 2025

04 Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh
05 Réamhrá Stiúrthóir an ÚITA
06 Príomhfhorbairtí 2025

## 02 Eolas maidir leis an ÚITA

08 Cuspóir agus feidhm an ÚITA
10 Reachtaíocht agus rialacháin maidir le torann aerárthaí

## 03 Freagrachtaí an ÚITA

13 Measúnú – Iarratais phleanála
14 Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an laghdaithe torainn
15 Tuarascáil chomhlíonta an Údaráis Aerfoirt
16 Léargas a thabhairt ar thorann aerárthaí
17 Monatóireacht a dhéanamh ar thorann aerárthaí

## 04 Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

19 Pobal, cumarsáid agus rannpháirtíocht
19 Imeachtaí
20 Rialtóir a thacaíonn le Cárta JAM
20 Taispeáintí comhairliúcháin – Scáileáin tadhaill fhisiúla
20 Suíomh gréasáin
20 RFC agus SF

## 05 Bearta inslithe

22 Forbairt inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
22 Insliú tithe do thorann aerárthaí
23 Scéimeanna deontais inslithe torainn do thithe
23 Scéimeanna deontais inslithe torainn do scoileanna agus réamhscoileanna
23 Ceannach éigeantach teaghaisí

## 06 Rialachas agus ráitis straitéise 2026

25 Rialachas corparáideach agus ráiteas airgeadais
26 2026 – Ráiteas straitéise don bhliain amach romhainn
26 Torann aerárthaí a rialú
26 Comhrianta torainn aerárthaí 2025
26 Éifeachtúlacht na mbeart laghdaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
26 Insliú baile agus scoile agus scéimeanna ceannaigh réadmhaoine éigeantaigh
26 Monatóirí torainn aerárthaí
27 Ráiteas um chomhlíonadh
27 Tuilleadh eolais



# 01

# Nóta fáilte na foirne bainistíochta agus príomhfhorbairtí 2025

# Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh



Fad is atá mé ag smaoineamh ar 2025, is léir gur gné lárnach é ról an Údaráis Inniúil um Thorann Aerárthaí (ÚITA), i ndáil le torann aerárthaí a bhainistiú in Aerfort Bhaile Átha Cliath, de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cothromaíocht a chinntiú idir fás na heitlíochta in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cosaint na bpobal áitiúil a bhfuil tionchar ag torann orthu.

Tacaítear cheana féin le fás Aerfort Bhaile Átha Cliath le beartais phleanála náisiúnta agus áitiúla agus ní mór dul i ngleic le haon athrú ar theorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair tríd an bpróiseas rialála bunaithe. Is féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath fás ar bhealach atá dleathach, cothrom agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Faoin gcóras rialála atá i bhfeidhm faoi láthair tairgtear creat soiléir don leathnú trí iarratais chearta, measúnuithe comhshaoil agus rannpháirtíocht fhiúntach le páirtithe leasmhara.

Forbairt a bhfuiltear ag fáiltiú roimpi is ea an tiomantas maidir le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta mar chuid de Chlár an Rialtais. Mar phríomhpháirtí leasmhar, táimid ag súil le páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin freisin, agus leis an méid atá foghlamtha againn i ndiaidh sé bliana a chaitheamh i mbun Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú, mar údarás atá dírithe ar phleanáil agus ar thorann a rialú, a roinnt le các.

I rith na bliana, d'eisigh An Coimisiún Pleanála cead pleanála do chóras cuótaí torainn d'oibríochtaí oíche in Aerfort Bhaile Átha Cliath; teorainn a chur le húsáid an Rúidbhealaigh Thuaidh i rith na hoíche; agus scéim deontais a chur ar fáil d'insliú tithe. Leis an gcinneadh sin bunaítear creat nua do bhainistiú agus do laghdú torainn aerárthaí san aerfort. Tá an cinneadh faoi réir ag athbhreithniú breithiúnach anois.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoirne tacaíochta teicniúla san earnáil tionscail agus oideachais, lenár bpáirtithe leasmhara, agus leis na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu. Trínár n-iarrachtaí comhchoiteanna, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh againn i ndáil le cothromaíocht a chinntiú, cothromaíocht lena dtacaítear le fás riachtanach an tionscail eitlíochta agus lena dtugtar tús áite d'fholláine ár gcónaitheoirí ag an am céanna.

**AnnMarie Farrelly**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall

# Réamhrá Stiúrthóir an ÚITA



**Is é an tiomantas a thugaimid mar rialtóir a chinntiú go gcuirfear ár gcuid oibre i gcrích ar bhealach cothrom agus trédhearcach agus go mbeidh cothroime rochtana ag gach duine ar ár seirbhísí.**

Is cúis áthais dom aird a tharraingt ar an obair atá déanta ag an ÚITA le bliain anuas agus an obair sin a chur i láthair, agus eolas maidir lenár gcuspóirí a roinnt agus muid ar tí tús a chur le bliain nua ghnóthach. Tá an próiseas a bhaineann le measúnú trédhearcach agus cur i láthair faisnéise fós ag croílár na hoibre ar fad atá á déanamh ag an ÚITA. Fáiltím roimh rannpháirtíocht agus iarrachtaí gach duine ar spéis leo oibriú Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus tá meas dáiríre agam ar an éagsúlacht tuairimí agus tuiscintí atá á roinnt leis an údarás go leanúnach. Creidim go láidir gur féidir creat bainistíochta torainn cuimsitheach a fhorbairt i dtimpeallacht rannpháirteach ina dtugtar aitheantas do ghnéithe difríochta agus comhaontaithe, de réir mar a thagann siad chun cinn, agus ina bhfreastalaítear ar na gnéithe sin.

Ba cheart go mbeadh comhráite atá mar bhonn le struchtúr bainistíochta torainn cothrom a fhorbairt, cothromaithe. Tagraíodh go minic don tslí dhearfach a gcuireann an t-aerfort le tráchtáil, turasóireacht agus fostaíocht in go leor comhráite a bhí agam le cónaitheoirí, le hionadaithe tionscail agus le hionadaithe tofa i rith na bliana. Ní mór go mbeadh rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus cinnteoireacht thrédhearcach mar bhonn leis an tacaíocht sin nuair is gá cinntí casta a dhéanamh chun an próiseas athraithe a bhainistiú. Tríd an bpróiseas rialaithe, leanfaidh mé orm de bheith ag cinntiú go bhfuil gach guth le cloisteáil agus go dtugtar deis do gach duine páirt a ghlacadh i bpróisis an ÚITA de réir mar a bheidh an t-aerfort ag forbairt ar bhealach inbhuanaithe.

Agus muid ag díriú ar an dul chun cinn a rinne an ÚITA in 2025 i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo, is mian linn a dhearbhú do gach páirtí leasmhar go mbeimid fós tiomanta do chinntí eolasacha a dhéanamh lena dtugtar tús áite do phobail mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'fhás inbhuanaithe leanúnach ár n-aerfoirt náisiúnta.

**Ethna Felten**
Stiúrthóir Seirbhísí
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

# Príomhfhorbairtí 2025

## Feabhra
Fuair an ÚITA iarratas nua i gcomhair 36m paisinéir in Aerfort Bhaile Átha Cliath

## Márta
Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Inniúil um Thorann Aerárthaí i gcomhair 2024

Léigh tuilleadh

## Aibreán
Sheol ÚABÁC tairseach eolais maidir le torann aerárthaí

Léigh tuilleadh

## Iúil
Rinne An Coimisiún Pleanála cinneadh pleanála maidir le hoibríochtaí oíche in Aerfort Bhaile Átha Cliath

## Lúnasa
Foilsíodh léarscáileanna comhrianacha bliantúla ar shuíomh gréasáin an ÚITA i gcomhair 2024

Léigh tuilleadh

## Meán Fómhair
Foilsíodh Tuarascáil Chomhlíonta Bhliantúil an údaráis aerfoirt ar shuíomh gréasáin an ÚITA

Léigh tuilleadh

## Deireadh Fómhair
Chuir an ÚITA athbhreithniú i gcrích ar éifeachtúlacht na mbeart laghdaithe torainn in Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhair 2024 agus foilsíodh na torthaí

Léigh tuilleadh

## Samhain
Rinne an ÚITA athbhreithniú ar réadmhaoin incháilithe d'insliú réadmhaoine agus do scéimeanna ceannaigh éigeantaigh.

Cuireadh sonraí ar fáil don ÚITA chun tacú le hiarratas pleanála chun an líon áiteanna do phaisinéirí ceadaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhéadú.

## Nollaig
Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin do mheasúnú comhshaoil le haghaidh iarratas pleanála chun an líon áiteanna do phaisinéirí a mhéadú in Aerfort Bhaile Átha Cliath.





# 02

# Eolas maidir leis an ÚITA

# Eolas maidir leis an ÚITA

## Cuspóir an ÚITA

Is é an ÚITA an t-údarás neamhspleách reachtúil a fheidhmíonn laistigh de struchtúr Chomhairle Contae Fhine Gall chun críche measúnú a dhéanamh ar thorann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus é a rialú. Faoin dlí Eorpach ceanglaítear go mbeadh údarás á ainmniú chun na críche sin le haghaidh aerfort ina dtarlaíonn níos mó ná 50,000 gluaiseacht aerárthaí gach bliain. Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort in Éirinn ina dtarlaíonn an leibhéal gníomhaíochta sin. Thuairiscigh Aerfort Bhaile Átha Cliath 255,000 gluaiseacht aerárthaí in 2025.

**Tá feidhmeanna an údaráis bunaithe ar thrí phríomhthéama – Measúnú | Monatóireacht | Rialú**

## Feidhm an ÚITA

Inár measúnuithe breithnítear an tionchar torainn a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt bheartaithe ag an aerfort i gcomhthéacs sonrach gach iarratais agus i gcomhthéacs ginearálta an athbhreithnithe rialta ar an timpeallacht torainn san aerfort. Déanann an ÚITA monatóireacht ar an timpeallacht torainn mórthimpeall ar an aerfort de réir mar a bhíonn an timpeallacht ag forbairt, agus tuairiscíonn an ÚITA an dul chun cinn agus é mar aidhm aige an tionchar torainn a laghdú de réir a chéile.

Cuireann an t-údarás bainistíocht réamhghníomhach torainn chun cinn agus tacaíonn sé leis an mbainistíocht sin leis na prionsabail atá bunaithe ag reachtaíocht maidir le torann comhshaoil.

Ní ghlactar le rialú mar bheart céad rogha ná mar ionstraim chun athruithe gearrthéarmacha a dhéanamh i ndáil leis an staid torainn san aerfort. Forbraítear idirghabhálacha rialála i ndiaidh machnamh cúramach a dhéanamh ar fhorbairt na timpeallachta torainn aerárthaí agus tugtar aird freisin ar ghníomhaíocht a mheastar a tharlóidh amach anseo. Rialacháin de chuid an ÚITA, a bhfuil sé mar aidhm leo an creat bainistíochta torainn san aerfort a leasú, d'fhéadfaí iad a chomhtháthú i gcinneadh pleanála foriomlán nó d'fhéadfadh éifeacht neamhspleách a bheith acu. Bíonn tréimhse comhairliúcháin phoiblí i gceist le hullmhú na rialachán sin, agus d'fhéadfaí an toradh a achomharc chuig údarás neamhspleách. Tá bunú srianta oibriúcháin faoi réir maoirseachta ag an gCoimisiún Eorpach freisin chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht á cur i bhfeidhm i gceart ar bhealach trédhearcach agus aonfhoirmeach ar fud an Aontais Eorpaigh.

Chun ár gcuid oibre a chur i gcrích, coinníonn agus meascann an t-údarás an saineolas riachtanach le seirbhísí speisialaithe ar conradh de réir mar is gá ón earnáil tionscail agus oideachais. Is cuid de Chomhairle Contae Fhine Gall é an ÚITA agus baineann sé úsáid as seirbhísí comhroinnte na heagraíochta.

### Seirbhísí tacaíochta speisialaithe tionscail agus acadúla

— Eitlíocht
— Seirbhísí dlí
— Measúnú timpeallachta
— Fuaimíocht
— Sláinte
— Cumarsáid

### Acmhainn bhunúsach

— Pleanáil
— Anailís sonraí
— Measúnú teicniúil
— Rialachas
— Measúnú timpeallachta
— Cumarsáid
— Straitéis

### Seirbhísí tacaíochta comhroinnte


— Acmhainní daonna
— Teicneolaíocht faisnéise
— Seirbhísí tógála
— Airgeadas
— Oiliúint agus forbairt

## Misean an ÚITA

Is é misean an ÚITA a chinntiú go bhfuil tionchar an torainn aerárthaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus sna comharsanachtaí mórthimpeall ar an aerfort á anailísiú, go bhfuil eolas maidir leis á roinnt, go bhfuil sé á bhainistiú, agus go bhfuil sé á laghdú de réir a chéile.

## Cuspóirí an ÚITA

Cinnteoidh an ÚITA go mbeidh prionsabail bainistíochta torainn aerárthaí idirnáisiúnta, a bhfuil éifeacht dlí acu trí reachtaíocht Eorpach agus Éireannach, á gcur chun feidhme ar bhealach trédhearcach agus éifeachtach. Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i ngach cinneadh atá á dhéanamh ag an ÚITA chun tionchar an torainn aerárthaí a bhainistiú.



## Reachtaíocht agus rialacháin maidir le torann aerárthaí

Tá rialú an torainn aerárthaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath á rialú ag reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Tá ról lárnach sa chreat sin ag an Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019, ina n-ainmnítear Comhairle Contae Fhine Gall mar an t-údarás inniúil atá freagrach as torann aerárthaí a mheas agus a bhainistiú, de réir Rialachán AE 598/2014 agus Cur Chuige Cothrom maidir le torann aerárthaí a bhainistiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

Déanann An Coimisiún Pleanála achomhairc cinntí pleanála, a bhféadfadh cinntí rialála a bhaineann le torann aerárthaí a bheith san áireamh iontu, a bhainistiú, rud a chinntíonn próiseas athbhreithnithe neamhspleách. Is é údarás pleanála Chomhairle Contae Fhine Gall an comhlacht reachtúil atá freagrach as breithniú a dhéanamh ar an bhforbairt a d'fhéadfaí a cheadú mórthimpeall ar an aerfort.

Tá spéis chomhroinnte i struchtúr bainistíochta torainn cuimsitheach a bheith bunaithe in aerfort. Teastaíonn bearta cobhsaí ón tionscal eitlíochta ina sainmhínítear an creat oibriúcháin do thréimhse shuntasach sula gceannaítear agus sula sceidealaítear aerárthaí ag gach aerfort. Chomh maith leis sin, tá ionchas dáiríre ag na daoine a bhfuil cónaí orthu sna pobail mórthimpeall go mbeidh tuiscint acu ar an scála agus ar na hamanna inar dócha go mbeidh gníomhaíocht eitlíochta ag tarlú os cionn a gcomharsanachta.

Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh timthriall leanúnach cur chun feidhme agus measúnaithe in úsáid chun a chinntiú go bhfuil bearta atá deartha chun an timpeallacht a chosaint ag obair mar atá beartaithe agus go mbeidh siad fós ábhartha nuair a bheidh pobail nua á bhforbairt agus nuair a bheidh aerfoirt ag fás agus ag forbairt. Imeacht suntasach é rúidbhealach nua a thógáil ag aon aerfort agus d'fhéadfaí blianta fada a chaitheamh i mbun pleanála dá leithéid trí phleananna bainistíochta talamhúsáide i ndiaidh a chéile. Osclaíodh an chéad rúidbhealach mar chuid de chóras rúidbhealaigh comhthreomhar pleanáilte Aerfort Bhaile Átha Cliath in 1989 agus bhí sé sin ag feidhmiú mar phríomh-rúidbhealach go dtí gur osclaíodh an dara rúidbhealach comhthreomhar in 2022. Bhí coimisiúnú an dara rúidbhealach comhthreomhar i mBaile Átha Cliath mar bhonn le hathdháileadh suntasach gníomhaíochta aerárthaí díreach mar a tharla 33 bliain roimhe sin. Fuarthas cead don dara rúidbhealach sin i ndiaidh próisis achomhairc a cuireadh i gcrích in 2007, ach d'imigh 15 bliana eile thart sular tosaíodh á úsáid i mí Lúnasa 2022. Tá go leor de na coinníollacha a bhain le torann a bhí san áireamh i gcead pleanála 2007 fós ábhartha ach cuireadh san áireamh i measúnuithe a rinne an ÚITA agus an t-údarás achomharc pleanála le déanaí an timpeallacht gheilleagrach agus phobail atá athraithe idir an dá linn agus forálacha do leasuithe riachtanacha agus do bhearta nua chun cur le agus chun tacú le coinníollacha pleanála bunaidh trí phróisis comhairliúcháin phoiblí agus rialacháin.

Tá sé tábhachtach a chur san áireamh, ainneoin go bhfuil próiseas casta athraithe i gceist le hathrú ar ghníomhaíocht eitlíochta, gur féidir le rúidbhealaí oibriúcháin breise dáileadh gníomhaíochta a éascú ar bhealach a bhféadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar an timpeallacht torainn trí chéile mórthimpeall ar aerfort chun tairbhe an líon is mó daoine. Sholáthair an cead pleanála don rúidbhealach comhthreomhar thuaidh solúbthacht i ndáil le hord roghnaithe rúidbhealaigh tosaíochta a bhfuil sé mar aidhm leis cur isteach ar an bpobal ar an mbealach is lú agus is féidir. Foráladh sa chead freisin d'íosghrádú an rúidbhealaigh chrosghaoithe is giorra le haghaidh úsáid shábháilte riachtanach amháin. Bhí sé sin mar bhonn le leibhéal na ngnáth-tharluithe oibriúcháin imeachtaí aerárthaí os cionn limistéar den phobal ina raibh an dlús daonra ard, a laghdú go suntasach.

Ní hionann rialachán chun an creat oibriúcháin a bhfuil tionchar aige ar thaithí saoil na bpobal mórthimpeall ar aerfort agus beart céad rogha, seachas sin is idirghabháil atá ann atá comhréireach agus spriocdhírithe chun déileáil le himthosca athraitheacha – oibríochtaí aerfoirt nó an timpeallacht pobail. Tuigeann an ÚITA go bhfuil níos mó ná bealach amháin ann chun torann a bhainistiú. Níos minice ná a mhalairt, áfach, ní tharlaíonn díospóireacht rannpháirtíoch ach i rith próisis d'athrú beartaithe inar féidir le tuiscintí maidir le tuairimí contrártha teacht le chéile. I rith na bpróiseas sin, d'fhéadfaí an iomarca béime a leagan ar phointí easaontais seachas ar phointí a bhfuil daoine ar aon intinn maidir leo. D'fhéadfadh athrú a bheith oiriúnach agus riachtanach, go deimhin, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le torthaí tairbhiúla do gach páirtí leasmhar. Tá tús áite á thabhairt ag an ÚITA do chinntiú nach mbeidh aon easnamh eolais ag cur isteach ar aon pháirtí lena mbaineann a mbíonn tionchar diúltach aige ar a rannpháirtíocht. Tá sainordú ag an ÚITA chun eolas neamhlaofa a chur ar fáil i bhformáid shoiléir agus leibhéal sonraí atá oiriúnach do gach duine a bhfuil an t-eolas ag teastáil uaidh nó uaithi. Ba cheart go gcinnteodh an t-eolas go bhfuil tuiscint shoiléir ag daoine ar an athrú atá tagtha ar an timpeallacht torainn le himeacht ama agus ar an athrú is dócha a thiocfaidh ar an timpeallacht torainn amach anseo bunaithe ar an réamhaisnéis is cruinne is féidir a dhéanamh.



03

# Freagrachtaí an ÚITA

## Torann aerárthaí a rialú trí phróiseas pleanála

**01**

**Údarás Aerfoirt (ÚABÁC)**

Iarratas Pleanála ón Údarás Aerfoirt

**02**

**Údarás Pleanála (Comhairle Contae Fhine Gall)**

Atreorú an Iarratais Phleanála chuig an ÚITA

- Measúnú ar an Iarratas Pleanála
- Tréimhse aighneachtaí nó breathnóireachtaí – 5 seachtaine

**03**

**An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (An ÚITA)**

Measúnú an ÚITA ar staid an torainn aerárthaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath

- Comhairliúchán poiblí 14 sheachtain

**04**

Cinneadh rialála deiridh


**05**

Cinneadh pleanála – Ceadaigh *(le coinníollacha torainn)* nó Diúltaigh

**06**

**Comhlacht Achomharc Pleanála Neamhspleách (An Coimisiún Pleanála)**

Bealach achomhairc *(laistigh de 28 lá)*



## Measúnú – Iarratais phleanála

Glacann an ÚITA páirt sa phróiseas pleanála agus forbartha trí measúnú ar thorann aerárthaí a dhéanamh ar gach iarratas in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cinntíonn sé sin go mbreithnítear na tionchair torainn aerárthaí a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí beartaithe i gcomhthéacs na mbeart bainistíochta torainn atá i bhfeidhm cheana féin, taobh leis an laghdú atá beartaithe laistigh de gach iarratas. Sa chás go sainaithnítear i measúnú go bhfuil gá le ceanglais bainistíochta torainn nua nó leasaithe, rachaidh an ÚITA i gcomhairle maidir leis an gcur chuige beartaithe sula ndéantar cinneadh rialála deiridh. Sa chás go mbíonn leasuithe ar an gcreat bainistíochta torainn i gceist i rith próiseas pleanála, déanfaidh an t-údarás pleanála an cinneadh deiridh maidir le hiarratas a cheadú, diúltú dó nó cead a thabhairt don iarratas le coinníollacha. Féadfar cinneadh an údaráis phleanála, ina bhfuil cinneadh rialála déanta ag an ÚITA, a achomharc chuig An Coimisiún Pleanála. Le comhairle réamhphleanála ón ÚITA, is féidir sainaithint agus comhtháthú beart laghdaithe atá ailínithe le straitéis bainistíochta torainn fhoriomlán a éascú agus torthaí pleanála níos fearr a chur ar fáil.

**I rith 2025, d'atreoraigh an t-údarás pleanála deich n-iarratas pleanála chuig an ÚITA chun críche measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag torann aerárthaí.**

I rith 2025, d'atreoraigh an t-údarás pleanála deich n-iarratas pleanála chuig an ÚITA chun críche measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag torann aerárthaí. Mar chuid d'iarratas amháin bhí cead á lorg chun líon na n-áiteanna do phaisinéirí ceadaithe a mhéadú ó 32 go dtí 36 milliún paisinéir sa bhliain. Mheas an t-údarás pleanála go raibh an t-iarratas sin aistarraingthe i mí Eanáir 2026 agus ní dhéanfar tuilleadh breithniúcháin air. Rinneadh an t-iarratas sa bhreis ar iarratas ar leithligh a rinneadh roimhe sin a raibh sé mar aidhm leis líon paisinéirí ceadaithe an aerfoirt a mhéadú go dtí 40 milliún paisinéir sa bhliain in éineacht leis an mbonneagar aerfoirt gaolmhar. Mar fhreagairt do threoir ón ÚITA, chuir údarás an aerfoirt faisnéis bhreise ar fáil don ÚITA i mí na Samhna 2025 chun measúnú mionsonraithe a éascú. Leanfaidh an ÚITA ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar an líon áiteanna do phaisinéirí agus ar an iarratas bonneagair i rith 2026.

**Nithe pleanála á gcinneadh i ndiaidh achomhairc -** I mí na Nollag 2020, chuir údarás an aerfoirt iarratas faoi bhráid údarás Chomhairle Contae Fhine Gall chun leasuithe a dhéanamh ar choinníollacha pleanála a bhí ag rialú na gníomhaíochta aerárthaí oíche in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí na coinníollacha sin nasctha leis an gcead pleanála a thug An Bord Pleanála in 2007 don rúidbhealach comhthreomhar thuaidh. Ón dáta sin, tá go leor pobal nua tógtha, agus tá sé oiriúnach agus riachtanach athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bhearta bainistíochta torainn atá i bhfeidhm faoi láthair i gcomhthéacs na forbartha beartaithe chun a chinntiú go mbeidh siad fós ábhartha de réir mar a bheidh imthosca ag athrú. Rinneadh an cinneadh pleanála, inar cuimsíodh cinneadh rialála a rinne an ÚITA lenar bhain bearta bainistíochta torainn leasaithe, a achomharc ina dhiaidh sin. Rinne An Coimisiún Pleanála cinneadh cead a thabhairt i mí Iúil 2025. Le fáil i gcinneadh an údaráis achomharc tá coinníollacha lena rialaítear roghnú rúidbhealaigh i rith na hoíche, bearta chun torann aerárthaí a theorannú agus a laghdú, agus teorainn bunaithe ar mheán bliantúil ar ghníomhaíocht aerárthaí. Déanfar meastóireacht ar chúrsaí torainn nuair a bheidh na coinníollacha pleanála sin i bhfeidhm agus cuirfidh an ÚITA i láthair iad i ndiaidh do na coinníollacha teacht i bhfeidhm.




## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an laghdaithe torainn

I rith 2025, d'fhoilsigh an ÚITA tuarascáil bhliantúil maidir le héifeachtúlacht na mbeart bainistíochta torainn ag an aerfort i rith 2024 i gcomhthéacs na gcuspóirí bainistíochta torainn bunaithe (Léigh tuilleadh). Tugtar aitheantas sa tuarascáil do na nithe is cúis le hathrú agus do na dúshláin a bhaineann leis sin, ach níos tábhachtaí ná sin, cuirtear faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi ar fhorbair cúrsaí torainn aerárthaí chun tacú le hathrú sa chás nach féidir a leithéid a sheachaint. Foráiltear le rannpháirtíocht eolasach do thorthaí níos fearr agus do leibhéil ghlacthachta níos airde nuair a bhíonn idirghabhálacha riachtanach.

Sainaithnítear sa tuarascáil na bearta bainistíochta torainn atá i bhfeidhm agus cuirtear faisnéis i láthair inti maidir le tionchar na gníomhaíochta eitlíochta ar shláinte an duine agus úsáid á baint as méadracht atá comhaontaithe ag leibhéal idirnáisiúnta.

**Príomhthorthaí ón tuarascáil:**

- Tá líon na ndaoine a raibh orthu éisteacht le torann aerárthaí mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath laghdaithe ó 2019 (an bhliain tagarmhairc do chuspóirí bainistíochta torainn an aerfoirt).
- Laghdaigh líon na ndaoine sa chatagóir An-mhíshásta agus Díth Chodlata Shuntasach (méadracht Eorpach chaighdeánach chun tionchair sláinte mar thoradh ar thorann comhshaoil a rangú) ó 2019. Is iad sin an phríomh-mhéadracht do Chuspóir Laghdaithe Torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Sáraíonn líon na ndaoine a chuala torann aerárthaí os cionn na leibhéal nochta tosaíochta, sainaitheanta ag an gcuspóir laghdaithe torainn, leibhéil tagarmhairc 2019.
- Léiríodh gur beart bainistíochta torainn éifeachtach é rúidbhealach roghnaithe a roghnú ach tá gá leanúnach ann le haghaidh srianta oibriúcháin éifeachtacha lena rialaítear gníomhaíocht aerárthaí san aerfort.





Tá an tuarascáil iomlán ar fáil anseo

## Tuarascáil chomhlíonta an Údaráis Aerfoirt

Ullmhaíonn údarás an aerfoirt tuarascáil ar bhonn bliantúil, ina léirítear leibhéal comhlíonta úsáideoirí aerfoirt le bearta laghdaithe torainn atá i bhfeidhm san aerfort. Foilsítear an tuarascáil ar shuíomh gréasáin an ÚITA ionas go mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi nuair a bhíonn sí ar fáil gach bliain. Tuairiscítear sa doiciméad freisin maidir le gníomhaíocht, insliú torainn agus scéimeanna ceannaigh, agus maidir le tograí chun bainistíocht agus tuairisciú torainn a fheabhsú. Tá tuarascáil iomlán údarás an aerfoirt i gcomhair 2024 le fáil ar shuíomh gréasáin an ÚITA.

- **Forléargas ar Oibríochtaí Aerfoirt**
- **Scéimeanna Inslithe Torainn agus Ceannaigh Teaghaise**
- **Leibhéil Torainn Aerárthaí**
- **Monatóireacht ar Thorann Aerárthaí agus ar Raon Eitilte**
- **Rannpháirtíocht leis an bPobal agus le Páirtithe Leasmhara**
- **Bearta Laghdaithe Torainn agus Srianta Oibriúcháin**
- **Scéimeanna Inslithe Torainn agus Ceannaigh Teaghaise**
- **Bearta agus Srianta a Chomhlíonadh**
- **Feabhsuithe Amach Anseo**


DublinAirport
INFRASTRUCTURE
Annual Compliance Report 2024
Section 19
D00001- DAA-XXX-XX-XXX-RP-V-XXX-0006
4 September 2025

**Tá an tuarascáil iomlán ar fáil anseo**

# Léargas a thabhairt ar thorann aerárthaí


Foilsíonn an ÚITA léarscáileanna comhrianacha gach bliain ar a dtaispeántar suíomh agus déine an tionchair atá ag torann aerárthaí ar na pobail mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ullmhaítear na léarscáileanna i gcomhréir le caighdeán Eorpach coiteann le haghaidh torann aerárthaí agus sonraítear an meán bunaithe ar bhliain iomlán le haghaidh tréimhsí difriúla den lá.

Is féidir an méid seo a leanas a dhéanamh a bhuí le comhrianta torainn aerárthaí a ullmhaíodh ar an tslí sin:


- Comparáid idir tionchar na gcúrsaí torainn i mblianta difriúla;
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt amach anseo a mheas;
- Scrúdú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rúidbhealaí an aerfoirt a úsáid ar bhealaí difriúla.

Tá eolas maidir le tionchar torainn teagmhas aerárthaí aonair ar fáil freisin trí thairseach ghréasáin phoiblí ar shuíomh gréasáin Aerfort Bhaile Átha Cliath, tairseach ar a bhfuil sonraí ó mhonatóirí torainn pobail ar fáil.

Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá bhealach sin chun torann aerárthaí a chur i láthair de bhrí gurb ionann iad agus faisnéis mheánach agus teagmhais aonair charntha. Tá siad in úsáid do chuspóirí difriúla, agus tá tábhacht ag baint le rochtain a bheith ag daoine ar an dá fhoinse faisnéise. Tá go leor bealaí eile ann freisin chun tionchar an torainn chomhshaoil a chur i láthair agus tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚITA.



## Monatóireacht a dhéanamh ar thorann aerárthaí




**Foinse:** ÚABÁC

Ceanglaítear le reachtaíocht ar údarás aerfoirt Aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú go bhfuil córais oiriúnacha chun torann a thomhas bunaithe san aerfort ar bhonn leanúnach.

Rinne an ÚITA athbhreithniú i rith 2020 chun líon na monatóirí torainn pobail mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath a thagarmharcáil i gcomparáid le haerfoirt idirnáisiúnta Eorpacha. Moladh sa staidéar go gcuirfí le líon na monatóirí atá thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá údarás an aerfoirt freagrach as an méadú atá tagtha ar líon na monatóirí ó 7 monatóir in 2020 go dtí 32 monatóir in 2025, líon atá fós ag fás. San áireamh san fhardal reatha tá seacht monatóir ar féidir iad a úsáid i bpobail nach bhfuil stáisiún monatóireachta buan acu. Tá na monatóirí suite go straitéiseach laistigh de raon 45km ón aerfort ag suíomhanna ag a bhfuil tionchar torainn teagmhais aonair an aerfoirt ag achar agus ag airde éagsúil ón aerfort.



04

# Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

## Pobal, cumarsáid agus rannpháirtíocht

Tacaíonn an ÚITA le gach duine a bhfuil cabhair ag teastáil uaidh nó uaithi chun faisnéis a fháil a bhaineann le torann aerárthaí i ndáil le hAerfort Bhaile Átha Cliath. Tá gnéithe difriúla de ghníomhaíocht eitlíochta á rialú ag roinnt údarás agus is féidir leis an ÚITA cuidiú leis an mbealach chun dlús a chur le ceisteanna nach bhfuil laistigh dár sainchúram a shainaithint.

I rith 2025, chuir an pobal 251 uiríoll faoi bhráid an ÚITA ag lorg cúnaimh maidir le nithe a bhain le torann aerárthaí. Déanfaidh an ÚITA iarracht freagairt do gach uiríoll laistigh de thrí lá agus cuirfidh sé in iúl má tá tréimhse níos faide ag teastáil chun imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh. Sa chás nach dtagann uiríll laistigh de shainchúram údarás an ÚITA, cuirfimid comhairle ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun dlús a chur leis na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu. Bhuail foireann an údaráis le cónaitheoirí aonair agus le grúpaí pobail i rith 2025 chun faisnéis a chur ar fáil agus chun próiseas foriomlán na bainistíochta torainn a chur i láthair i gcomhthéacs eispéiris na ndaoine a bhfuil cónaí orthu gar d'aerfort idirnáisiúnta. Glacann an t-údarás leis go bhfuil luach ag baint le gach deis rannpháirtíochta agus le gach deis chun tuairimí a roinnt maidir leis na cothromaíochtaí agus tacaíochtaí atá oiriúnach don timpeallacht i ngach ceantar.


**I rith 2025, chuir an pobal 251 uiríoll faoi bhráid an ÚITA ag lorg cúnaimh maidir le nithe a bhain le torann aerárthaí. Déanfaidh an ÚITA iarracht freagairt do gach uiríoll laistigh de thrí lá agus cuirfidh sé in iúl má tá tréimhse níos faide ag teastáil chun imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh.**

## Imeachtaí

Thacaigh an ÚITA le mic léinn idirbhliana nuair a chuir sé faisnéis ar fáil maidir leis an obair atá á déanamh ag an údarás agus maidir le gairmeacha sa rialtas áitiúil le linn Thaispeántas 'Scrúdaigh Do Thodhchaí' a d'eagraigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirt le Comhairle Contae Fhine Gall in The Helix, Baile Átha Cliath i rith mhí Dheireadh Fómhair.

Is cúis bhróid don údarás páirt a ghlacadh i gComhairle Réigiún an Aerfoirt (CRA) agus tacú leis an obair atá ar siúl acu. Déanann an cumann sin ionadaíocht d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa a bhfuil aerfoirt suite laistigh dá gcríocha nó gar dóibh, agus é dírithe ar bhuntáistí a mhéadú fad is atá tionchair chomhshaoil á laghdú. I mí na Bealtaine 2025, rinne an ÚITA cur i láthair ag comhdháil torainn bhliantúil CRA in Aerfort Vín, taobh le hionadaí ó bhaill tofa Chomhairle Contae Fhine Gall, tráth ar roinneadh taithí Bhaile Átha Cliath ar fhorbairt agus ar rialú aerfoirt. I rith na comhdhála sin breithníodh gnéithe éagsúla de bhainistíocht torainn aerárthaí agus de rannpháirtíocht leis an bpobal.

Is comórtas náisiúnta é Gradam Innealtóirí Óga STEPS atá á reáchtáil ag Innealtóirí Éireann agus atá dírithe ar dhaltaí bunscoile atá i Rang a Trí agus Rang a Ceathair. Tugann an clár bliantúil dúshlán mac léinn trí dheis a thabhairt dóibh tionscadal cruthaitheach innealtóireachta a fhorbairt chun a bpobal áitiúil a fheabhsú nó chun cabhrú leis an bpobal sin. Thacaigh an ÚITA leis an gclár sin nuair a thug ball den údarás cuairt ar sheomraí ranga i rith mhí na Nollag. Chuir daltaí tionscadail chruthaitheacha innealtóireachta a raibh siad ag obair orthu i láthair fhoireann an ÚITA agus phléigh siad na fadhbanna ina bpobal féin a d'fhéadfaí a réiteach trí úsáid a bhaint as réitigh innealtóireachta.



## Rialtóir a thacaíonn le Cárta JAM

Tá an ÚITA airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí poiblí a chur ar fáil trí chultúr atá bunaithe ar mheas agus nach bhfuil idirdhealú le tabhairt faoi deara ann. Táimid lánsásta tacú le gluaiseacht Chárta JAM. Tacaíonn an tionscnamh sin le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, a bhfuil uathachas orthu nó atá ag déileáil le bacainní cumarsáide chomh fada is a bhaineann le hinsint do dhaoine eile maidir lena leithéid ar bhealach atá neamhbhriathartha agus discréideach trí 'Chárta Fan Nóiméad' (Cárta JAM) a thaispeáint. Rinne gach ball foirne den ÚITA cúrsa oiliúna in 2025 chun a chinntiú go bhfuil gach duine acu airdeallach ar 'Cárta JAM' anois.

## Taispeáintí comhairliúcháin – Scáileáin tadhaill fhisiúla


Chun tacú le hinrochtaineacht ar fhaisnéis agus le rannpháirtíocht, soláthraíonn an ÚITA tairseach faisnéise idirghníomhach do bhaill den phobal sa spás aitriam in Áras an Chontae i Sord. Tá cainéil faisnéise thiomnaithe an ÚITA ar fáil ar na scáileáin taispeána, a thugann rochtain do bhreathnóirí ar ghníomhaíochtaí beo aerfoirt, ar léarscáileanna comhrianacha torainn agus ar shuíomh gréasáin an ÚITA. Tá faisnéis le fáil ar na cainéil sin a bhaineann le hoibríochtaí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus le feidhmeanna an ÚITA, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

1. Nasc le tairseach WebTrak Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ar a léirítear oibríochtaí aerárthaí beo a bhaineann le haerárthaí atá ag teacht agus ag imeacht




2. Léarscáileanna comhrianacha torainn bliantúla
3. Nasc le suíomh gréasáin an ÚITA ar mhonatóirí scáileáin tadhaill atá éasca le húsáid.

Cuireann an t-ardán rannpháirtíochta breise sin ar chumas páirtithe leasmhara agus baill den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha go neamhspleách i bhformáid atá oiriúnach don úsáideoir.




## Suíomh gréasáin an ÚITA

Tá faisnéis shoiléir agus inrochtana don phobal le fáil ar shuíomh gréasáin an údaráis. In 2025, cuireadh leis an ábhar chun na nuashonruithe nuachta is déanaí, tuarascálacha teicniúla agus na léarscáileanna comhrianacha torainn is déanaí a chur ar fáil. Lena chois sin, tá an ÚITA ag leanúint ar aghaidh le hinrochtaineacht a chuid doiciméad foilsithe agus ábhar an tsuímh ghréasáin trí chéile a fheabhsú, chun a chinntiú go bhfuil faisnéis ar fáil d'úsáideoirí beag beann ar a gcineál cumais.

## Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Is comhlacht poiblí é an ÚITA chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise agus na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Fad is a chinntítear go bhfuil faisnéis íogair ainmnithe á cosaint go cuí, is é beartas an ÚITA faisnéis a chur ar fáil chun tacú leis an tuiscint atá ag daoine ar an timpeallacht torainn mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chun rannpháirtíocht an phobail in obair an údaráis a éascú. I rith 2025, fuair an ÚITA ceithre iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus naoi n-iarratas ar fhaisnéis faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.



05

# Bearta inslithe

## Forbairt inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Cuirtear san áireamh i bhforbairt inbhuanaithe an gá atá ann le cothromaíocht a chinntiú idir riachtanais phleanála shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil agus cosaint an chomhshaoil. B'fhéidir go mbeadh gá le comhréiteach chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag an tsochaí ar sheirbhísí, ar fhostaíocht agus ar chóiríocht riachtanach fad is a bheidh an timpeallacht á cosaint ionas gur féidir le glúnta amach anseo leanúint ar aghaidh ag freastal ar na riachtanais sin. Soláthraíonn an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) creat d'fhorbairt shábháilte, shlán, éifeachtúil, inmharthana go heacnamaíoch agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhthéacs na heitlíochta sibhialta idirnáisiúnta. Is é Cur Chuige Cothrom an EESI an beartas uileghabhálach maidir le torann aerárthaí a dtugtar éifeacht dlí dó le reachtaíocht. Ceann de phríomh-chomhpháirteanna an bheartais sin is ea an phleanáil talamhúsáide, pleanáil a bhfuil sé mar aidhm léi an daonra a bhfuil tionchar ag torann aerárthaí air a laghdú trí úsáid a bhaint as criosanna bainistíochta talamhúsáide éifeachtacha mórthimpeall ar aerfoirt. A bhuí leis na criosanna sin éascaítear forbairt inbhuanaithe tithe agus tionscail i suíomhanna atá comhoiriúnach le gníomhaíocht eitlíochta. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar phleananna agus ar chuspóirí chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus go mbaintear amach an cuspóir beartaithe.

Glactar le plean gníomhaíochta torainn mar thoradh measúnaithe thimthriallaigh ar chúrsaí torainn agus ar thionchar an torainn thionsclaíoch agus iompair ar shláinte an duine. Is iad údaráis áitiúla a ullmhaíonn an plean sin i gcomhréir le caighdeán coiteann ar fud an Aontais Eorpaigh do na príomhfhoinsí de thorann iompair agus tionsclaíoch. Tá plean gníomhaíochta torainn spriocdhírithe ullmhaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall chun an torann aerárthaí a bhaineann le hAerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú don tréimhse 2024 go dtí 2028. Sa phlean sin sainaithnítear gníomhartha atá le cur i gcrích agus cásanna atá le feabhsú i rith an ama sin chun éifeachtaí díobhálacha an nochta torainn aerárthaí a bhaineann le hAerfort Bhaile Átha Cliath a sheachaint, a chosc nó a laghdú. Tuairisceofar dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bliantúil. Is í an ghníomhaireacht sin an t-údarás náisiúnta ainmnithe chun críocha na rialachán maidir le torann timpeallachta.

## Insliú tithe do thorann aerárthaí

D'fhéadfadh tionchar timpeallachta a bheith ag torann ó aerárthaí atá ag teacht agus ag imeacht in aice le haerfoirt a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le míshástacht, cur isteach ar chodladh agus cur isteach ar fheidhmíocht acadúil leanaí i scoileanna. Chun tacú le bearta lena rialaítear am, roghnú rúidbhealaigh agus scála ceadaithe na gníomhaíochta eitlíochta, d'fhéadfaí glacadh le hiarfheistiú tithe agus scoileanna mar bheart bainistíochta torainn tábhachtach freisin chun tionchar na heitlíochta ar phobail a laghdú.

San áireamh sa chead pleanála don rúidbhealach comhthreomhar thuaidh bhí forálacha a bhain le hinsliú scoileanna agus tithe a bhfuil an tionchar is mó ag torann aerárthaí mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath orthu. Tá ceannach éigeantach teaghaisí a nochtar do leibhéal níos airde ná leibhéal torainn sonraithe ar fáil freisin. Rinneadh foráil sna scéimeanna sin do cheantar incháilitheachta tosaigh agus d'athbhreithnithe rialta chun a chinntiú go mbeadh léargas le fáil ar aon athrú ar chúrsaí torainn i dtithe agus scoileanna breise a bhíonn incháilithe do bhearta uasghrádaithe foirgnimh má athraíonn na cúrsaí sin.

Bhí an chéad athbhreithniú incháilitheachta inslithe ó tosaíodh ag úsáid an rúidbhealaigh thuaidh dlite in 2024. Ba é údarás an aerfoirt a chuir an t-athbhreithniú sin i gcrích mar iarratasóir ar an gcead pleanála. Rinne an ÚITA iniúchadh ar na scéimeanna tacaíochta tithe agus scoileanna i rith 2025 chun a chinntiú go raibh gach réadmhaoin incháilithe curtha san áireamh ag údarás an aerfoirt i gcláir iarfheistithe nó cheannaigh.

Tá roinnt scéimeanna inslithe ar fáil do thithe agus do scoileanna i gcomharsanacht Aerfort Bhaile Átha Cliath. Déantar cinneadh maidir le hincháilitheacht gach scéime bunaithe ar shuíomh réadmhaoine i ndáil le comhrianta torainn sainithe. Is féidir féachaint ar léarscáileanna incháilitheachta scéime ar shuíomh gréasáin Aerfort Bhaile Átha Cliath trí Éirchód na réadmhaoine a chur isteach.

## Scéimeanna deontais inslithe torainn do thithe

Foráladh sa chead pleanála don rúidbhealach comhthreomhar thuaidh in 2007 do bhearta inslithe tithe a bhí maoinithe go hiomlán do gach teach atá lonnaithe laistigh de chomhrian torainn 63 deicibeil. Tá an comhrian torainn sin bunaithe ar thorann aerárthaí lae agus tráthnóna, torann a fhaightear a mheán bunaithe ar thréimhse samhraidh eitlíochta ghnóthach thraidisiúnta idir Meitheamh agus Meán Fómhair. Bhí úsáid ghinearálta á baint as an modh tomhais sin ar fud na Ríocht Aontaithe agus na hÉireann ag an am sin. Foráladh sa choinníoll pleanála d'insliú tithe sular osclaíodh an rúidbhealach bunaithe ar leibhéil torainn réamh-mheasta. San áireamh freisin bhí athbhreithniú ar incháilitheacht gach dhá bhliain i ndiaidh oscailt an rúidbhealaigh chun a chinntiú go bhféadfaí tithe breise a insliú má bhíonn an ceantar tionchair torainn athraithe. Thosaigh aerárthaí ag baint úsáid as an rúidbhealach comhthreomhar thuaidh i mí Lúnasa 2022 agus bhí an chéad athbhreithniú ar thithe incháilithe le déanamh in 2024. Rinne an ÚITA iniúchadh ar thithe a bhí incháilithe chun tairbhe a bhaint as bearta faoin scéim sin.

I mí Iúil 2025, thug An Coimisiún Pleanála cead pleanála trí achomharc ar iarratas pleanála chun athruithe a dhéanamh ar ghníomhaíocht eitlíochta cheadaithe oíche in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Le fáil i gcinneadh an údaráis achomharc pleanála bhí bearta chun seomraí leapa i dtithe a bhí lonnaithe i mbealaí teachta agus imeachta aerárthaí a insliú. An Scéim Deontais Inslithe Torainn Chónaithe (SDITC) a thugtar ar an scéim sin. Tugadh dúshlán dlí i ndáil le cinneadh ACP agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chur chun feidhme na scéime inslithe.

**118**

**teaghais chónaithe incháilithe do bhearta inslithe foirgnimh i ndiaidh an athbhreithnithe dhá bhliain.**

Ullmhaítear measúnú aonair do gach réadmhaoin incháilithe chun an modh is éifeachtaí a shainaithint chun spriocthorthaí laghdaithe torainn a chomhlíonadh. Déanann údarás an aerfoirt teagmháil le gach úinéir réadmhaoine incháilithe a bhíonn incháilithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme scéimeanna atá ann cheana féin nó scéimeanna nua. Tá léarscáileanna ar líne ar fáil freisin chun incháilitheacht réadmhaoine a sheiceáil trí úsáid a bhaint as Éirchód na réadmhaoine. Tá na léarscáileanna sin le fáil ar shuíomh gréasáin Aerfort Bhaile Átha Cliath[1] agus is féidir rochtain a fháil orthu freisin trí nasc ar shuíomh gréasáin an ÚITA.

[1] **https://daa.maploom.com/eligibility**

**5**

**scoil agus réamhscoil incháilithe do bhearta inslithe foirgnimh i ndiaidh an athbhreithnithe dhá bhliain.**

## Scéimeanna deontais inslithe torainn do scoileanna agus réamhscoileanna

Le cead pleanála an rúidbhealaigh thuaidh rinneadh foráil d'insliú scoileanna agus réamhscoileanna cláraithe freisin, scoileanna agus réamhscoileanna a bhfuil tionchar ag meán-chomhrian torainn de 60dB orthu i rith na tréimhse samhraidh eitlíochta gnóthaí. Rinne údarás an aerfoirt athbhreithniú ar incháilitheacht do rannpháirtíocht sa scéim sin in 2024 freisin. Rinne an ÚITA iniúchadh ar scoileanna agus ar réamhscoileanna incháilithe in 2025 agus sainaithníodh réamhscoil bhreise amháin a bhí incháilithe do bhearta inslithe.

## Ceannach éigeantach teaghaisí

Tá teaghaisí cónaithe a bhfuil an tionchar is mó ag ardleibhéil de thorann aerárthaí os cionn 69dB orthu (meán-chomhrian samhraidh lae agus tráthnóna) incháilithe do cheannach éigeantach ag údarás an aerfoirt.

**11**

**teaghais chónaithe incháilithe do cheannach éigeantach i ndiaidh an athbhreithnithe dhá bhliain.**



# 06

# Rialachas agus ráitis straitéise 2026

# Rialachas corparáideach agus ráiteas airgeadais

Is cuid lárnach den earnáil phoiblí é an rialtas áitiúil agus tá sé faoi réir phrionsabail rialachais na hearnála. Tá obair an ÚITA ailínithe le treoirphrionsabail Chód Rialachais an Rialtais Áitiúil.

Tá costais oibriúcháin an ÚITA teoranta don mhéid réasúnta atá riachtanach dá fheidhmeanna faoin reachtaíocht ábhartha a bhaineann le torann eitlíochta, le measúnú comhshaoil agus le pleanáil. Faightear seirbhísí saineolacha trí chreataí rialtais áitiúil agus tairiscint oscailte Eorpach chun a chinntiú go mbíonn cothromaíocht chothrom ann idir éifeachtúlacht scála agus rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide in obair an údaráis.

Baineann cuntais airgeadais an údaráis le sainchúram na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil chun a chinntiú go bhfuil acmhainní an údaráis á mbainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Le feidhm iniúchta inmheánaigh Chomhairle Contae Fhine Gall tugtar tuilleadh dearbhaithe a thacaíonn le hobair an ÚITA trí mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht oibriúcháin rialuithe próisis agus comhlíonadh reachtach.

Tá mionsonraí le fáil thíos maidir le caiteachas an údaráis faoi cheithre phríomh-cheannteideal buiséid.

**Caiteachas 2025**

| Grúpa Caiteachais | Caiteachas 2025 |
|---|---:|
| Caiteachas oibriúcháin agus riaracháin | €8,500 |
| Forchostais foirne | €540,000 |
| Soláthraithe seirbhíse teicniúla speisialtóra | €880,000 |
| Forchostais oifige agus seirbhísí comhroinnte | €320,000 |

**Ioncam 2025**

Foráiltear sa reachtaíocht go mbeidh costais oibriúcháin an ÚITA a thagann chun cinn trí chur chun feidhme a fheidhmeanna á bhforchúiteamh ó údarás an aerfoirt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá tobhach aerfoirt iníoctha ar bhonn bliantúil i ndáil leis na costais a tabhaíodh sa bhliain roimhe sin.

# 2026 – Ráiteas straitéise don bhliain amach romhainn

**Torann aerárthaí a rialú**
San áireamh i sainchúram an ÚITA tá measúnú ar gach iarratas forbartha ar chead pleanála chun a chinntiú go bhforáiltear d'aon tionchar torainn aerárthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chás nach dlúthchuid de thogra forbartha iad bearta, féadfaidh an ÚITA, trí phróiseas measúnaithe agus comhairliúcháin, rialachán a dhéanamh chun torann aerárthaí a bhainistiú.

Go stairiúil, bhí forbairt Aerfort Bhaile Átha Cliath á rialú ag údaráis phleanála le teorainneacha ar líon ceadaithe áiteanna do phaisinéirí. D'fhéadfaí glacadh leis sin mar mhéadracht úsáideach chun forbairt a rialú le haghaidh go leor cúiseanna. Ainneoin go mb'fhéidir go n-éileodh méadú suntasach ar thréchur paisinéirí níos mó gluaiseachtaí aerárthaí, níl tionchar díreach ag an méadracht sin ar mhéid, cineál, líon gluaiseachtaí nó lódfhachtóirí na n-aerárthaí. Dá bharr sin, tá acmhainn theoranta aici tionchar a imirt ar ghníomhaíocht aerárthaí ar bhealach a laghdaíonn an tionchar torainn.

Tograí forbartha a bhfuil sé mar aidhm leo an líon áiteanna ceadaithe do phaisinéirí san aerfort a mhéadú ó 32 go dtí 36 agus 40 milliún paisinéir sa bhliain, níor cuimsíodh iontu bearta laghdaithe torainn chun tionchar na forbartha a laghdú. I ndiaidh sonraí tacaíochta a fháil i mí na Samhna 2025, leanfaidh an ÚITA ar aghaidh ag obair ar mheasúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag líon áiteanna do phaisinéirí méadaithe i rith 2026. Cuirfear an creat bainistíochta torainn atá forbartha cheana féin san áireamh sa mheasúnú, mar aon le measúnuithe bliantúla ar chúrsaí torainn trí chreat na reachtaíochta maidir le torann timpeallachta, agus tionchar réamh-mheasta na dtograí forbartha. Bunófar próiseas comhairliúcháin oscailte le gach páirtí leasmhar má chinntear i rith an mheasúnaithe go bhfuil gá le bearta bainistíochta torainn nua nó leasaithe.

**Comhrianta torainn aerárthaí 2025**
Leanfaidh an ÚITA ar aghaidh ag foilsiú léarscáileanna i bhformáid inrochtana a cheadaíonn scrúdú a dhéanamh ar thionchar an torainn aerárthaí ar gach réadmhaoin aonair. Cuirfear na léarscáileanna comhrianta i gcomhair 2025 ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚITA nuair a bheidh siad ar fáil.

**Éifeachtúlacht na mbeart laghdaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath**
Tá creat bainistíochta torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath á fhorbairt go leanúnach chun déileáil le tionchar na forbartha atá beartaithe ag an aerfort agus le timpeallacht athraitheach na bpobal sna ceantair mórthimpeall. Tá ceadanna pleanála a eisíodh i rith 2025, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar roghnú rúidbhealaigh agus ar scála ceadaithe na gníomhaíochta oíche, fós á gcur i bhfeidhm go céimneach in 2026. Déanfaidh an ÚITA measúnú ar éifeachtacht an mheascáin de bhearta bainistíochta torainn nuair a bheidh siad in úsáid.

**Insliú baile agus scoile agus scéimeanna ceannaigh réadmhaoine éigeantaigh**
Le toiliú pleanála don rúidbhealach comhthreomhar thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath bunaíodh scéimeanna do bhearta atá maoinithe go hiomlán chun na tithe agus scoileanna a bhfuil an tionchar is mó ag torann aerárthaí orthu a insliú. Foráiltear sa scéim d'athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht gach dhá bhliain chun a chinntiú go mbeidh réadmhaoin bhreise á cur san áireamh má athraíonn nochtadh torainn. Beidh an dara hathbhreithniú den chineál sin le déanamh i rith 2026. Rinne an ÚITA iniúchadh ar incháilitheacht na scéime i rith 2025 agus oibreoidh sé le húdarás an aerfoirt i rith 2026 chun aon réadmhaoin bhreise a bheidh incháilithe a shainaithint.

San áireamh sa toiliú pleanála freisin tá foráil do cheannach éigeantach teaghaisí ag tairseach tionchair torainn shainithe. Beidh athbhreithniú le déanamh ar incháilitheacht don scéim sin i rith 2026 freisin.

**Monatóirí torainn aerárthaí**
Déanfaidh an ÚITA athbhreithniú ar ghnéithe oibriúcháin na monatóirí torainn i rith 2026 chun tacú le hiontaoibh leanúnach an phobail as an ngréasán cuimsitheach monatóirí sna pobail mórthimpeall ar an aerfort.

## Ráiteas um chomhlíonadh

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo de réir cheanglais Alt 3(9)(c) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.

## Tuilleadh eolais

**Suíomh gréasáin:** www.fingal.ie/aircraftnoiseca



An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority